

Tuarascáil Bhliantúil



AG INFHEISTIÚ I DO THODHCHAÍ



Cláir Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTE FORBRAÍOCHTA
RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA

Clár na nÁbhar	Leathanach
Tuarascáil an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an POF	3
Achoimre Fheidhmeach	4
Cairt Chustaiméirí	5
Riarachán agus Struchtúr an Bhoird	6
• Bord BFCBÁC	7
• Cathaoirleach agus Baill Foirne	8
Eolas Staidrimh – Beart 2	
Rannán 1 –Cultúr na Fiontraíochta a Chur Chun Cinn	9
1.1.1 Pointe Amháin Teagmhála agus Oifigí	9
1.1.2 Eiseamláirí Fiontraíochta	9
1.1.3 Sufomhanna Gréasáin BFCBÁC	9 - 10
1.1.4 Ag Cur Gnó na hÉireann ar Líne	10
1.1.5 Ríomhíris agus Nuachtlitir	10
1.1.6 Sraith Léachtaí maidir le Tosú Gnó	10
1.2 Clár Fiontar na Scoileanna	11-12
1.2.1 Tionscnaimh Tríú Leibhéil	13
1.2.2 Bí Spreagtha	13
1.3. Seachtain Fiontraíochta Cholaíste na Tríonóide	13
1.4 Dámhachtainí Fiontraíochta	13 - 15
Rannán 2 – Tacaíocht do Ghnóthais Nua-thionscanta	
2.1 Clár Do Ghnó Féin a Chur ar Bun	16
2.1.1 Oiliúint Ghnó do Dhaoine Dífhostaithe	16
2.1.2 Ceardlanna Giniúna Smaointe	16-17
2.1.3 Cainteanna Leabharlainne	17
2.1.4 Meantóireacht agus Tacaíocht Réamhfhiontraíochta	17-18
2.1.5 Clár Forbartha Bainisteoireachta Hi-Start	18
2.1.6 Ócáidí Comhchéime	18
2.1.7 Nuálaíocht Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath	18 - 19
2.1.8 Do Lá Gnó	19
Rannán 3 – Tacaíocht do Ghnóthais i mBéal Forbartha	
3.1 Cláir Oiliúna	20
3.1.1 Modúil	20
3.1.2 Seimineáir Ghnó	20
3.2 Luathaigh	21
3.3 Líonraí	21
3.3.1 Líonra Bhaile Átha Cliath do Mhná	21
3.3.2 Plato	22
3.3.3 Líonra Deartha Cruthaitheach Plato	22
3.3.4 Biashlabhra Bhaile Átha Cliath	22
3.4 Tionscnaimh Easpórtála	23
3.4.1 Secaucus na Stát Aontaithe 2012	23
3.4.2 Deontais Easpórtála	23
Staidrimh Beart 1	24
Rannán 4 – Cúnamh Airgeadais 2012	25
An Coiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú 2012	26
Deontais a Íocadh 2012	27

Tuarascáil an Chathaoirligh

D'fhéadfadh sé tarlú gurb é 2012 an bhliain iomlán dheiridh in mbeidh Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath ar marthain tar éis bheith ag obair ar feadh fiche bliain. Is fiú, mar sin, machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach go dtí seo. Bhain tábhacht i bhfad níos lú le fiontraíocht agus le fiontar i sochaí na bliana 1993 nuair a bunaíodh an Bord. Níor tugadh ach tosaíocht íseal do chúnamh bríoch do ghnólachtaí nua-thionscanta agus do mhicreaghannóna. Ó bunaíodh an Bord, cruthaíodh na mílte post agus leabaíodh na céadta gnó áitiúla i ngeilleagar Cathrach BÁC trí chomhairle, meantóireacht, líonraí agus cúnamh airgeadais a chur ar fáil. Freisin, thug ár gcláir oiliúna an t-eolas agus na scileanna is gá d'fhiontraithe chun bheith ina mbainisteoirí maithe rathúla.

Gné an-tábhachtach d'obair an Bhoird le fiche bliain anuas ba ea cur chun cinn chultúr na fiontraíochta agus an fhiontraíocht mar rogha ghairme. Chuidigh ár gcláir do mhic léinn ag an dara agus ag an tríú leibhéal le hathrú meoin ina leith seo. Is rogha mhalartach gairme í a bhfuil meas anois air bheith i mbun gnó. D'éirigh le hobair an Bhoird a lán a dhéanamh chun athrú timpeallachta a bhaint amach don fhiontraíocht i gCathair Bhaile Átha Cliath, cathair a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach aici mar cheann de na háiteanna is fearr chun bheith i mbun gnó.

Arís i 2012, tharla go raibh an Bord ag obair i dtimpeallacht eacnamaíoch lagbhríoch le dífhostaíocht ard agus easpa muiníne. Thug sé aghaidh ar na himthosca seo trína chuid oibre ar fheasacht fiontraíochta a threisiú; trí chuairteanna a thabhairt ar ghnólachtaí a bhí ar tí a méid a laghdú agus trí chomhairle a thabhairt do bhaill foirne a ndéanfaí iomarcach go luath maidir leis na tacaí atá ar fáil do ghnólachtaí nua-thionscanta; trí cheardlanna ar an téama céanna a chur ar fáil chomh maith le ceardlanna giniúna smaointe gnó. D'athraigh na critéir meastóireachta le haghaidh cúnamh airgeadais chun ualú níos mó a thabhairt don phoitéinseal chun poist a chruthú agus d'easpórtálacha.

Chuimsigh na príomhchinntí beartais ar ghlacadh leo i 2012 agus atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Gnó an Bhoird na nithe seo a leanas:

- ✓ Leanúint leis an bpróiseas atá á chur i bhfeidhm ó thosaigh an cor chun donais
- ✓ Leanúint de bheith ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí eile, amhail Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, FÁS, Comhpháirtíochtaí Ceantair Áitiúla, Ionaid Fiontraíochta, Comhlachais Tráchtála, boird fiontar eile i mBaile Átha Cliath, na hOllscoileanna agus na institiúidí ard-oideachais eile
- ✓ An leas a bhaintear as acmhainní a bharrfheabhsú trí dhúbailt nach gá a sheachaint agus trí leas a bhaint as gníomhaíochtaí comhoibríocha
- ✓ Cuidiú leis an méid is mó gnólachtaí nua-thionscnata agus is féidir seachas díriú ar líon níos lú de ghnólachtaí móra.

D'éirigh go maith le BFCBÁC a shainordú a chomhlíonadh agus tá feabhas mór tagtha ar an dtimpeallacht don fhiontraíocht le fiche bliain anuas. Creidim go bhfuil todhchaí geal ann don fhiontraíocht i gCathair BÁC, má thagann méadú ar leibhéal na tacaíochta agus má ligtear don eagraíocht nua, OFA, oibriú de réir mar a oibrítear faoi láthair agus nach dtarraingtear a aire ó bheith dírithe ar thaca a thabhairt don chliant, mar a déantar faoi láthair.

Patrick Lynch

Cathaoirleach

Tuarascáil an POF

Ainneoin go bhfuil an cúlú eacnamaíochta ag leanúint ar aghaidh, bhí roinnt fianaise le feiceáil i 2012 go bhfuil tús, bíodh gur tús trialach é, curtha leis an téarnamh geilleagrach: chobhsaigh an dífhostaíocht agus d'fhill an geilleagar ar fhás imeallach. Is iontach an athléimneacht a thaispeán fiontraithe Chathair Bhaile Átha Cliath i rith tréimhse an mhórathruithe seo.

Chonaiceamar i mBord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath an chaoi inar éirigh lenár gcliaint fiontraithe iad féin a chur in oiriúint do na cúinsí seo le nuálaíocht agus praiticiúlacht. Tá feabhas suntasach tagtha ar cháilíocht na n-iarratasóirí a lorgann cúnamh ón mBord. I 2012, bhí cáilíocht tríú leibhéal ag níos mó dár gcliaint ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Tugtar faoi deara freisin go bhfuil níos mó taithí ag cuid mhaith de na cliaint a thagann chugainn ag lorg cúnamh ná mar a bhí roimhe sin. B'fhéidir gurb amhlaidh atá de bhrí go bhfuil daoine ag tabhairt faoin bhfiontraíocht toisc nach bhfuil an dara rogha acu.

Mar a dúradh inár bPlean Gníomhaíochta Gnó 2012, b'iad na ceithre phríomaidhm a bhí ag an mBord i 2012 ná:

1. Cultúr na fiontraíochta a chruthú
2. Tacaíocht do Ghnólachtaí Nua-thionscanta
3. Tacaíocht do ghnólachtaí a bhí ann cheana agus a bhí ag fás
4. Tacaíocht airgeadais

D'iarr an Plean Gníomhaíochta Gnó go ndéanfaí seirbhísí an Bhoird a sheachadadh chuig thart ar 1,500 fiontraí agus fiontraí poitéinsiúla agus chuig 1,200 mac léinn i 2012. Rinneadh é seo.

Tagadh aird ar leith do chruthú post i 2012 agus bhí plean an an mBord maoiniú ar chur ar fáil do 70 post nua agus bhi an poitéiseal ann chun 230 post breise a chruthú sna blianta amach anseo. Cruthaíodh 115 post nua agus táimid muiníneach go mbainfear amach an sprioc maidir le poist phoitéinsiúla.

De bhreis ar ár gcúrsaí oiliúna agus modúil rialta, chuireamar tús le roinnt áirithe cursaí agus ceardlanna faoin teideal 'Cloígh an Cúlú Eacnamaíochta', lena n-áirítear:

- Dífhostaithe agus ag Smaoineamh ar Ghnó a bhunú?
- Ceardlanna do Mhamfhiontraithe – dírithe ar mháithreacha atá ag cur tús le gnó
- Ceardlanna agus Seimineáir Eolais – chun cuidiú le gnólachtaí beaga teacht slán agus fás iontu a chothú
- Na Meáin Shóisialta do Ghnó
- Imeachtaí Comhchéime – do threochtaí agus tacaí in earnáil na tráchtála.

Lean seirbhís meantóireachta an Bhoird de bheith ina comhpáirt thábhachtach de sheirbhísí an Bhoird. I rith na bliana chuir painéal de 40 duine meantóireacht ar fáil do 290 cliant.

Greg Swift

POF

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Ba é an leithdháileadh cistiúcháin iomlán a fuarthas ón Státchiste le haghaidh 2012 ná €1,558,357, figiúr atá cosúil le figiúr na bliana seo caite. Fuarthas aisíocaíochtaí de €189,189 ó Dheontais inaisíochta agus Scaireanna Tosaíochta, méadú ar fhigiúr na bliana 2011 de €116,990. Faomhadh deontais agus/nó iasachtaí do 68 tionscadal agus do chruthú 115 post lánaimseartha. €9,889 an meánchostas a bhain le gach post a cruthaíodh.

Ba é an méid iomlán de chúnamh airgeadais do thionscadail fhaofa sa bhliain 2012 ná €1,062,750, a bhfuil €323,242.50 de nó 30.42% inaisíochta.

Gineadh ioncam breise de €125,216 ó tháillí le haghaidh ár gcúrsaí oiliúna, meantóireachta gus líonraí agus tionscnaimh eile, amhail Luathaigh, Secaucus, Hi-start agus imeachtaí tacaíochta gnó eile.

Beart 1 – Deontais agus Cúnamh Airgeadais, gan cabhair inaisíochta a chur san áireamh

2011 €726,328

2012 €659,668

Chuimsigh leithdháileadh na bliana 2012 €300,000 breise ón €3,100,000 breise a chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil timpeall deireadh na bliana do na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

Beart 2 – Maoiniú d’Fhorbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta (Bogthacaíocht)

2011 €419,844

2012 €454,794

Buiséad Riaracháin

2011 €443,597

2012 €443,895

Tá an Bord sásta a thuairisciú gur coinníodh suas leibhéal comhchosúil seirbhíse do ghnólachtaí nuathionscanta agus micreafhiontair na príomhchathrach leis na hacmhainní seo inár gceithre Phríomhlimistéar Gníomhaíochta Straitéiseacha:

1. Cultúr na Fiontraíochta a Chur Chun Cinn
2. Tacaíocht do Ghnóthais Nuathionscanta
3. Tacaíocht do Ghnóthais i mBéal Forbartha
4. Cúnamh Airgeadais

Cairt Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath dá Chustaiméirí

Tá sé mar chuspóir ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, maidir le seirbhís do chustaiméirí, na dualgais a chuirtear air ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an tAcht um Fhorbairt Tionscail 1995) a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil agus gairmiúil, ag an gcostas is ísle agus is féidir don phobal, agus a gceart chun seirbhíse pras agus cúirtéisí á aithint i gcónaí.

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi réir ag “Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí” ina gcinntítear go bhfuil seirbhís den scoth á soláthar do na custaiméirí agus don phobal i gcoitinne, go mbíonn cinntí á ndéanamh go cothrom gan aon chlaonadh, go gcomhlíonann foireann an BFC an caighdeán is airde d’eitic ghnó agus nach ndéanfaidh gníomh ar bith d’fhoireann an BFC creideamh an phobail a lagú riamh in ionracas an BFC.

Baineann an Cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, le comhaltaí an Choiste Meastóireachta agus le fostaithe an Bhoird. Agus iad ag déileáil leis an BFC, déanfaidh an fhoireann gach iarracht chun a chinntiú go n-éascaítear eolas iomlán faoi na seirbhísí agus na tacaí go léir.

Cúirtéis agus Cúntacht: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis na nithe seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- go gcaithfidh an fhoireann go cúirtéiseach agus go cabhrach leo i gcónaí,
- go dtabharfar ainm an chomhalta foirne a bhfuil siad ag déileáil leis/léi dóibh;
- go ndíreofar iad chuig an gcomhalta foirne cuí atá ag déileáil lena bhfiosrúchán.

Eolas: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis na nithe seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- Go dtabharfar eolas cruinn iomlán dóibh maidir le ceist ar bith a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

Éifeachtúlacht: is féidir leis na cliaint bheith ag súil agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- Go ndéileálfar le fiosrúchán chliaint go tapa agus go héifeachtúil, ag aithint san am chéanna gur gá aon chostas a d’fhéadfadh siad tabhú ó riachtanas a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Príobháideacht agus Rúndacht: is féidir leis na cliaint bheith ag súil agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- Go ndéileálfar leis an eolas go léir a sholáthraíonn siad, cé acu pearsanta nó gnó, go hiomlán faoi rún.

Sásamh: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil agus iad i dteagmháil agus ag déileáil le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath go ndéileálfar go mear agus go cásmhar agus de réir Nósanna Imeachta Cúram Cliant agus Gearán an Bhoird le haon gearán dlisteanach. Tá na nósanna imeachta seo ann gan dochar do ghnáthchearta an duine aonair i gcúrsaí dlí ná do chórais athbhreithnithe neamhspleácha ar bith a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teo. ar cheann de 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach sa Stát.

Déantar obair an Bhoird i gceithre phríomhréimse straitéiseacha:

1. Cruthú Chultúr na Fiontraíochta: Baintear é seo amach trí chlár feasachta fiontraíochta; obair i scoileanna agus i gcoláistí; cúrsaí giniúna smaointe gnó; tacaíocht d'fhiontraíocht ar leibhéal áitiúil agus chur chun cinn an gheilleagair eolasbhunaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath.
2. Tacaíocht do ghnóthais nuathionscanta: Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil trí chúrsaí dar teideal Do Ghnó Féin a Chur ar Bun; soláthar comhairle agus eolais, cúnamh ó mheantóirí agus cruthú spás oibre fiontraíochta
3. Tacaíocht do ghnóthais atá ann cheana agus do ghnóthais atá ag fás: Baineann na gnóthais seo leas as cúnamh na meantóirí; oiliúint bhainisteoireachta, clár speisialaithe agus earnála; líonrú, easpórtáil agus tacaíocht díolacháin.
4. Tacaíocht airgeadais: Ar na tacaíochtaí airgeadais atá againn tá deontais féidearthachta; deontais prímeála do ghnóthais nuathionscanta agus do ghnóthais luathchéime agus deontais forbartha/leathnaithe gnó do chuideachtaí atá ag fás.

Cuimsíonn an straitéis seo fis nua do mhicrifhiontair i gCathair Bhaile Átha Cliath agus cruthú timpeallachta fiontraíochta, áit:

- A sheachadann BFCBÁC tacaíochtaí inrochtana cuí ar bhealach nuálach
- A bhfuil cultúr láidir fiontraíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath
- A bhfuil flúirse smaointe gnó nuálacha ann
- A bhfuil soláthar leordhóthanach spás oibre inacmhainne ag Cathair Bhaile Átha Cliath
- A bhfuiltear tiomanta don fhás



An Limistéar a ndéanann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath freastal air

Bord Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teo.

Tá 14 Chomhalta ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, comhdhéanta d'ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil ghnó, ón earnáil dheonach, ón phobail agus ón earnáil ionadaíoch (Féach Tábla 1). Cinneann an Bord beartas mar a imlínítear ina phlean gníomhaíochta straitéiseach.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar iarratais ar chúnamh, faigheann an Bord cabhair ó choiste measúnaithe ar a bhfuil cúigear comhalta, inn measc ionadaithe ón lucht gnó áitiúil, ón údarás áitiúil agus ó Fhiontraíocht Éireann. Tá foireann thiomanta ag an mBord a chuireann na cinntí a dhéanann an Bord i bhfeidhm.

Tábla 1. Comhaltaí an Bhoird

D'éirigh triúr chomhalta den Bhord as oifig i rith na bliana. Ba iad sin an Comhairleoir Rebecca Moynihan Comhairleoir (Páirtí an Lucht Oibre), Larry O'Toole, Comhairleoir (Sinn Féin) agus Michael Stubbs, An Bainisteoir Cúnta Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is mian leis an mBord a bhuíochas a chur in iúl as a gcion luachmar.

D'fháiltigh an Bord chomh maith roimh na Stiúrthóirí nua a ceapadh i 2012: Mary Fitzpatrick, Comhairleoir (Fine Gael), George Kiely, Forbairt Réigiúnach, Fiontraíocht Éireann agus Dermot Lacey, Comhairleoir, (Páirtí an Lucht Oibre). B'iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird i 2012:

Ainm	Teideal	Eagraíocht
Patrick Lynch	Cathaoirleach BFCBÁC	Ionadaí IBEC
Ava Battles	POF	Multiple Sclerosis Ireland
Bernadette O'Reilly	Innovation Centre Bainisteoir	DIT Hothouse
Ciaran Reid	POF	Comhpháirtíocht Bhaile Formaid
Denise Brophy	Stiúrthóir Feidhmiúcháin	Dublinia
Des Bonass	Feidhmeannach	Comhairle Ceardchumann BÁC
Frank Walsh	Cathaoirleach Ionad Carmichael	Iar-Bhainisteoir FÁS
John Mc Grane	Comhalta Coiste	Comhlachas Tráchtála BÁC
Mary Fitzpatrick	Comhairleoir	Fianna Fail, Cathair BÁC
Philip Maguire	An Leas-Bhainisteoir Cathrach	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Paddy Mc Cartan	Comhairleoir	Fine Gael, Cathair BÁC
George Kiely	Forbairt Réigiúnach	Fiontraíocht Éireann
Paul Mc Auliffe	Comhairleoir	Fianna Fail, Cathair BÁC
Dermot Lacey	Comhairleoir	Páirtí an Lucht Oibre, Cathair BÁC

Cathaoirleach agus Baill Foirne:



**Patrick Lynch,
Cathaoirleach**



**Greg Swift
POF**



**Eibhlin Curley
POF Cúnta**



**Liam Barry,
Comhairleoir Gnó**



**Aisling Doyle
Riarthóir**



**Mainard Gallagher
Riarthóir**

Ní raibh aon athrú ar an bhfoireann i rith 2012. Is mian leis an mBord obair dhian agus dílseacht na foirne i rith na bliana a aithint.

Eolas Staidrimh – Beart 2

Ba é €454,794 de chistiú ón Státchiste agus €125,267 ó oiliúint agus seirbhísí eile a chuir an Bord ar fáil, an méid iomlán de Bheart 2 (Bogthacaíochtaí) a caitheadh i rith na bliana. Leithdháileadh na cistí seo ar phríomhghníomhaíochtaí, amhail:

- Cultúr na na Fiontraíochta a Chur Chun Cinn
- Tacaíocht do Ghnóthais Nuathionscanta
- Tacaíocht do Ghnóthais i mBéal Forbartha

RANNÁN 1. CULTÚR NA FIONTRAÍOCHTA A CHUR CHUN CINN

1.1.1 Pointe Amháin Teagmhála agus Oifigí

Is léir i gcónaí ó líon ard na gcliant agus na ndaoine ag lorg eolais faoi ghnó a chur ar bun a thugann cuairt orainn go mbaineann ríthábhacht lenár suíomh i lár na cathrach agus lenár n-oifigí nua-aimseartha.

Arís eile sa bhliain 2012 tionóladh an-chuid cruinnithe oiliúna agus eolais ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, rud a spáráil airgead ar chóiríocht ar cíós agus am foirne. Tionóltar na cruinnithe go léir chun cliaint nua a scagthástáil in ár n-oifigí maraon le formhór na seisiún meantóireachta. I ndáiríre, is ionann ár n-oifigí agus ionad ilfhreastail dár gcliant go léir. Measaimid go raibh líon na bhfiosrúcháin ar dhéileáladh leo mar thoradh ar chuirteanna pearsanta, glaonna fóin agus ríomhphoist beagnach mar an gcéanna leis an líon ar dhéileáladh leo anuraidh.

1.1.2. Eiseamláirí Fiontraíochta

Déantar fiontraithe rathúla i measc na gcliant a shainaithint agus tarraingtear aird an phobail ar a n-éachtaí, rud a chabhraíonn go mór chun daoine eile a spreagadh chun aithris a dhéanamh orthu. Tá dlúthbhaint idir an obair seo agus ceann de phríomhaidhmeanna an Bhoird, sé sin, cultúr fiontraíochta a chur chun cinn agus déantar é a bhaint amach trínár sraith de dhámhachtainí. Clúdaíonn na dámhachtainí seo gnólaigh nuathionscanta agus cinn atá bunaithe cheana féin, mná agus miocléinn, mar seo a leanas:

- Dámhachtain Denis Colleran d’Fhiontar is Fearr na Bliana
- Dámhachtain Chathair Bhaile Átha Cliath d’Fhiontraí Mná na Bliana
- An Dámhachtain, An Réalt atá ag Teach chun Cinn, don Fhiontraí Nuathagtha is Fearr
- Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn Chathair Bhaile Átha Cliath
- Ár rannpháirtíocht i nDámhachtainí Náisiúnta Fiontair Mac Léinn

1.1.3. Suíomhanna gréasáin BFCBÁC

Chuaigh an tIdirlíon i gcion go mór ar an gcaoi a ndéanaimid ghnó agus a n-idirghníomhaímid lena chéile. Is ríléir é seo ón mborradh iontach atá tagtha ar Facebook, Twitter agus YouTube. Dá bhrí sin, tá tábhacht lárnach ag baint lenár suíomhanna gréasáin agus lenár leathanaigh féin ar shuíomhanna na meán sóisialta seo.

Leanamar orainn i rith na bliana ag forbairt ár láithreachta sna meáin shóisialta. Ní mór do ghnóthais páirt a ghlacadh i ríomhráchtail agus sna meáin shóisialta ós rud é gurb é seo modh roghnaithe cumarsáide na ndaoine óga, a dhéanann suas ár bpríomhspríocmhargadh. Dá bhrí sin, tá ríthábhacht ag baint lenár suíomhanna gréasáin fein agus lenár láithreachta ar shuíomhanna na meán sóisialta. Fuaireamar 1,100 ‘likes’ ar Facebook agus d’fheách 697 duine ar ár bhfíseán beochana ar YouTube, a

chuireann síos ar obair an Bhoird. . Is féidir an físeán sin a fheiceáil freisin ar ár bpríomhshuíomh gréasáin – www.dceb.ie a fuair 102,111 amas sa bhliain 2012. Ba chuairteoirí athuaire 38.4% acu agus cuairteoirí nua 61.4% acu.

Úsáidtear ár suíomh gréasáin do scoileanna www.sea.dceb.ie/student mar acmhainn chun an comórtas do chlár Dámhachtainí Mac Léinn Chathair Bhaile Átha Cliath a riaradh. Is foinse eolais phríomha é le haghaidh scoileanna, múinteoirí agus daltaí.

1.1.4. Ag cur Gnó na hÉireann Ar Líne

Chun gach gnóthas a spreagadh chun bheith páirteach sa ríomhthráchtáil agus chun iad féin a chur chun cinn ar líne sheol an Bord, i gcomhar leis na Boird Fiontar Contae agus Cathrach, An Post, Google agus Blackknight Solutions, an tionscnamh, Ag Cur Gnó na hÉireann ar líne. Cuireann sé seo ar chumas gnóthas a suíomhanna tráchtála féin a chruthú agus a chothabháil saor in aisce. Reachtáileadh seimineár amháin ar Ag cur Gnó na hÉireann Ar Líne. Ghlac 54 duine páirt ann i 2012.

1.1.5. Ríomhíris agus Nuachtlitir

Mar chuid de straitéis cumarsáide an Bhoird seoltar nuachtlitir leictreonach nó ríomhíris chuig 6,000 páirtí leasmhara gach coicís. Eisíodh 24 ríomhíris sa bhliain 2012. Eisíodh cruachóip de nuachtlitir bliantúil chuig an lion céanna d'fhaighteoirí a bheag nó a mhór i dtús na bliana.

1.1.6. Sraith Léachtaí maidir le Tosú Gnó

Ghlac 107 duine san iomlán páirt i sraith léachtaí dar teideal 'Tosú Gnó' a reachtáileadh i gcomhar le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath sa Phríomhleabharlann i Lárionad an ILAC agus díobh síúd bhí 58 rannpáirtithe baineann ann agus 49 fireann. Bhí an tsraith de 6 léacht, a bhí ar siúl i rith an Earraigh and an Fhómhair, ceaptha chun cuidiú le húinéirí agus bainisteoirí ghnólaigh nua agus ghnólaigh a bhí ann cheana.

Abháir an Chláir	Cainteoir	An tEarrach	An Fómhar
Tús Eolais maidir le Féinfhostaíocht An bhfuil mé oiriúnach le bheith ag obair dom féin?	Brendan Moran	21 Aibreáin	15 MF
Giniúint Smaointe agus Taighde Margaidh Cén áit is féidir smaointe gnó a fháil agus cén uair An ionann smaointe agus gnó	Brendan Moran	28 Aibreáin	22 MF
Fiontraíocht Eitneach Cén tacaí atá ann d'fhiontraithe ó ghrúpaí mionlaigh	Peter Smith	5 Bealtaine	29 MF
Margaíocht ar Bheagán Airgid Margaíocht le Nuálaíocht	Siobhan Walsh	12 Bealtaine	6 DF
Ag Maoiniú do Ghnó Cad is féidir leat bheith ag súil leis ó na bainc Íasachtaí beaga do ghnólaigh beaga	Brian Hunt & Lorna Coleman	19 Bealtaine	13 DF
Struchtúr Pleanála Gnó Eochairghnéithe chun Plean Gnó rathúil a ullmhú	Brendan Moran	29 Bealtaine	20 DF

1.2. Clár Fiontar na Scoileanna

Reachtáileadh Comórtas Ceannais Chathair Bhaile Átha Cliath de Chlár Fiontar na Scoileanna i bPáirc an Chróchaigh ar an 8 Márta áit a raibh 20 scoil san iomaíocht le 51 seastán. Ghlac 168 dalta páirt ann.

Ghlac 3,819 dalta san iomlán páirt i gclár na bliana 2012. Meadú suntasach é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin nuair a ghlac 3,340 dalta páirt ann. Cuimsíonn an clár Ceardlanna ar Ghiniúint Smaointe, Margaíocht, Airgeadas, and Tuairisciú, maraon le cuairteanna Fiontraíthe, Teaghmháil le Fiontraíthe agus Taispeántas agus Dámhachtainí Fiontraíochta na Macléinn



Na Buaiteoirí Sinsearach: Conor Feeney, Cian Weldon agus Cathal Sweeney, an fhoireann Airlift ó Choláiste Belvedere.

Séard a bhí sa tionscadal buaiteach ná aireagán de ghléas a fheistítear ar leasracha thosaí rugbaí chun go mbeidh sé níos éasca é a ardú sa síneadh amach mar a thaispeánann an fhoireann bhuaiteach thuas.

Bhuaigh Ailbhe King an dara háit sa Chatagóir Shinsearach le Hangit! Hairbrust, Coláiste Pháirc Mhucrais. Bhí Jodi Ryan, Niamh Ryan and Sineas McIlroy sa tríú háit le Bu\$ta Coins, Coláiste na Toirbhirte, Tír an Iúir.



Shannon Joyce ó Caring Cards, Scoil Naomh Dominic, An Chabrach, an buaiteoir sa Chatagóir Idirmheánach, ag fáil a gradam ón Leas Ard-Mhéara, An Comhairleoir Maria Parody (ar dheis) agus Eiblin Curley POF Cúnta.



Dob í Robyn Armstrong, a dhear agus a rinne eisiatóirí seoidire le haghaidh doirse i bhfoirm ainmhithe tarraingteacha, a bhuaigh an Chatagóir Shóisearach le Crafty Dafts ó Scoil Naomh Dominic , An Chabrach.

1.2.1 Tionscnaimh Triú Leibhéil

1.2.2 Bí Spreagtha

Séard a bhí i Bí Spreagtha: Bí i d'Fhiontraí 2012, a chuir DIT Hothouse agus Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath i láthair, ná sraith de thrí imeachtaí a bhí ar siúl i gcampas ITBÁC, Sráid Chaoimhín, i nDeireadh Fómhair agus i Mí na Samhna. Tugann an tsraith deis do mhic léinn freastal ar agallaimh le fiontraithe den scoth;

Bhí Richard Bruton T.D. An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i láthair ag an gcéad imeacht agus eisean a chuir tús go hoifigiúil leis an tsraith.

1.3.1 Léirithe Sheachtain na Fiontraíochta i gColáiste na Tríonóide

D'eagraigh BFCBÁC roinnt imeachtaí do mhic léinn agus do mhic léinn iarchéime i gcomhar le hAontas na Mac Léinn i gColáiste na Tríonóide mar chuid de Sheachtain Fiontraíochta an choláiste i nDeireadh Fómhair. Ina measc seo bhí comórtas Dragon's Den ann ina raibh 130 mac léinn innealltóireachta san iomaíocht le haghaidh duaise €500 a d'urraigh BFCBÁC.

Labhair duine d'ár meantóirí, Gerry Lawlor le Cumann Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide ar dhá ócáid nuair a rinne sé láithreoirachtaí dar teideal *How to Write a Business Plan* agus *Starting a Business*. Fuair sé cuireadh ón gCumann teacht ar ais mar ionadaí an Bhoird ar phainéal de 'Dhragain' chun buaiteoir ghradaim an Chumainn d'fhiontraí na bliana a roghnú.

1.4 Dámhachtainí Fiontraíochta

Imríonn na Dámhachtainí Fiontraíochta ról tábhachtach i gcomhlíonadh shainchúraim an Bhoird, sé sin cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn sa phríomhchathair. Tá trí phríomhdámhachtain ann:

1. Dámhachtain Denis Colleran d'fhiontraí ceannródaíoch na bliana an Bhoird
2. Dámhachtain an Líonra Fiontar Cathrach do Mhná don Ghnó is Mó a bhfuil Feabhas Tagtha Air
3. Dámhachtain an Líonra Fiontar Cathrach do Mhná don Réalt atá ag Teacht Chun Cinn



Margarita Gruber, Irlanda en Espanol, buaiteoir Dhamhachatin Denis Colleran d’Fhiontraí is Fearr na Bliana 2012

Chuir Margarita tús le Irlanda en Espanol sa bhliain 2009 chun seirbhísí treoracha a chur ar fáil do mhuintir na Spáinne a thugann cuairt ar Éirinn. Cuireann an chuideachta, a fhostaíonn seachtar anois (4 ar bhonn seasta agus triúr conraitheoirí) seirbhís treoraithe turasóireachta ar fáil do chuirteoirí Spáinneacha a thagann go hÉirinn.

Tá cúlra ag Margarita Gruber sa bhfaisean agus fuair sí cáilíocht mar Threoraí Turasóireachta in Éirinn sa bhliain 1998 i rith an tsamhraidh. Sa seachshéasúr, bhíodh sí ag obair do chuideachtaí ilnáisiúnta éagsúla.

Nuair a d’éirigh an t-éileamh marbhánta mar gheall ar an gcor chun donais, bheartaigh Margarita tús a chur lena seirbhís treoraithe turasóireachta féin, ag díriú ar mhargadh na Spáinne.

“Rinne mé liosta de na scileanna ar fad a bhí agam, ag díriú ar na nithe is mó a thaitin liom – agus thosaigh mé ag obair chun iad a iompú i ngnó brabúsach” a deireann sí. “Nuair ba léir dom gurb é an treorú an rud is mó a thaitníonn liom, rinne mé anailís mhionsonraithe ar ghnó na turasóireachta in Éirinn agus shainaithin mé bearna sa mhargadh Spáinneach. Is ansin a thosaigh mé ag cur seirbhísí treoraithe rialta ar fáil.

“Chuidigh BFCBÁC liom trí mo shuíomh Gréasáin, agus mo thaighde margaidh a mhaoiniú agus chuir siad oiliúint fóirdheontais ar fáil dom, chomh maith le cuairt ar aonach tíre. Tá mé ag smaoineamh anois ar an tsamhail ghnó chéanna a bhunú i dtíortha eile – agus tá súil agam leathnú ar fud an domhain”



Mná a bhfuil bua an bhuaiteora acu, . Katherina Stephens ó Sports Ink (ar chlé) buaiteoir na Damhachtana don Ghnó is Mó a bhfuil Feabhas Tagtha air agus Yinka Rashman, ó HairWeavon, buaiteoir Dhámhachtain Lónra Fiontar BFCBÁC do Mhná don Réalt atá ag Teacht Chun Cinn

Tá **Sports Ink** ina cheannaire margaidh do Thatúálacha Sealadacha saincheaptha do phromóisin, margaíocht, clubanna spóirt, leantóirí, tiomsú airgid, féilte agus imeachtaí.

Áirítear i measc na gcliaint Sauber F1, Cumann Rugbaí na hÉireann, Amnesty International, Cumann Ailse na hÉireann chomh maith le carthanais, eagraithe imeachtaí agus féilte agus cuideachtaí pr agus margaíochta. Tá siad tar éis raon de sheodra coirp greamaitheach a sheoladh ar a dtugtar Body Brilliance.

Speisialaíonn **HairWeavon** i bpeiriúicí saincheaptha agus i síntí gruaige do mhná ar mhaith leo a gcuid gruaige féin a fheabhsú nó do mhná atá ag cailliúint a gcuid gruaige.

Séard atá i nDámhachtainí Bliantúla Lónra Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath do Mhná ná tionscnamh de chuid Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil i measc ball an lónra. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le Pauline Logan ag network@dceb.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

RANNÁN 2: TACAÍOCHT DO GHNÓTHAIS NUA-THIONSCANTA

2.1 Clár Do Ghnó Féin a Chur ar Bun

D'fhreastail 230 duine – 112 ban agus 118 fear – ar shé cinn déag de chúrsaí ar *Do Ghnó Féin a Chur ar Bun*. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí an t-aiseolas a fuarthas ón dream a ghlac páirt sna cúrsaí ar fheabhas. Sa bhliain 2012, tugadh trí choinne do na rannpháirtithe chun obair i gcomhar le meantóir tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú. Bhain 35 duine san iomlán leas as an tseirbhís meantóireachta seo faoin *gClár Do Ghnó Féin a Chur ar Bun* – 21 fear agus 14 ban.

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus FÁS tagtha le chéile chun cúrsa ar *Do Ghnó Féin a Chur ar Bun* a thairiscint do dhaoine aonair chun na scileanna agus an t-eolas is gá a aimsiú agus/nó a fhorbairt chun margaíocht agus inmharthanacht airgeadais a smaoineamh gnó/tionscadail a mheas. Cuireann an cúrsa seo na scileanna, na h-uirlisí bainistíochta agus an saineolas is gá chun na cinní cearta a dhéanamh, chun pleanáil agus chun eagrú go héifeachtach ar fáil do dhaoine aonair ar mian leo a ghnó féin a bhunú. Cuimsíonn modúil an chláir:

- Tús Eolais ar Phleanáil Ghnó
- Díolachán agus Margaíocht
- Reachtaíocht Fostaíochta
- Maoiniú don Fhiontraíocht
- Cánachas
- Forbairt an Phlean Gnó

Reachtáiltear an cúrsa *Do Ghnó Féin a Chur ar Bun* i gColáiste Náisiúnta na hÉireann thar ceithre Shatharn. Nó, ina mhalairt de chás, d'fhéadfadh rannpháirtithe dhá uair de léachtaí ar an Máirt agus ar gCéadaoin nó ar an Déardaoin agus ar an Aoine thar thréimhse deich seachtaine a roghnú.

2.1.1 Oiliúint Ghnó do Dhaoine Dífhostaithe

Chuireamar réimse leathan de chúrsaí ar fáil, 34 san iomlán, le 541 rannpháirtithe, faoin dteideal ginearálta –Cloígh an Cúlú Eacnamaíochta. ***Dífhostaithe agus ag smaoineamh ar do ghnó féin a bhunú*** a bhí mar théama do 12 cheardlann a reachtaíleadh i rith na bliana in ár n-oifigí. D'fhreastail 156 duine san iomlán orthu, 76 fear agus 80 ban. Daoine óga difhostaithe is mó a chuir suim sna maidneacha caifé seo.

Seo cuid de na hábhair a clúdaíodh:

- Aistriú ó dhífhostaíocht chuig féinfhostaíocht
- Tacaíochtaí Fiontraíochta
- Giniúint Smaointe agus Forbhreathnú ar Do Ghnó Féin a Chur ar Bun
- Airgeadas agus Maoiniú.

Chuaigh cuid de na rannpháirtithe ar aghaidh chun an cúrsa Do Ghnó Féin a Chur ar Bun a dhéanamh, bhain siad leas as meantóireacht duine le duine nó fuair siad tacaíocht bhreise ón bhFiontraíocht Lárchathrach.

2.1.2 Ceardlanna Giniúna Smaointe

Tá na *Ceardlanna Giniúna Smaointe* dírithe ar an bhfiontraí luathchéime ar mhaith leis tuiscint a fháil ar inmharthanacht an smaoinimh atá aige, nó ar conas is féidir teacht ar smaoineamh gnó. Freisin,

cabhraíonn na ceardlanna le rannpháirtithe tuiscint níos fear a fháil ar cad atá i gceist nuair a bhíonn duine i mbun gnó. Reachtáileadh 7 gcinn de na ceardlanna seo in 2012 agus bhí 100 duine i láthair.

2.1.3 Cainteanna/Seimineáir Leabharlainne

Ofrálann an tsraith de Chainteanna Leabharlainne tús eolais ar fhiontraíocht agus ar ghnó don phobal i gcoitinne. Reachtáiltear iad i Lárleabharlann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i Lárionad ILAC agus tugtar tús eolais do rannpháirtithe ar réimse leathan d'ábhair gnó amhail, gnó a mhaoiniú, margáocht, pleanáil gnó agus fiontraíocht eitneach. Bhí 6 léacht i ngach ceann de na sraitheanna a reachtáileadh san Earrach agus sa bhFómhar agus d'fhreastail 107 duine san iomlán orthu.

Ba mhaith le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhuíochas a ghabháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le foireann na leabharlainne as ucht a gcomhoibrithe agus a gcabhrach agus an tsraith mhóréilimh léachtaí seo á cur ar fáil againn.

2.1.4 Meantóireacht agus Tacaíocht Réamhfiontraíochta

